



Dáta: 05/06/2020

Circ: 0039/2020

## D'ÚDARÁIS NA SCOILEANNA IARBHUNOIDEACHAIS

### CÚNTÓIRÍ GRÁD RÍOFA 2020

(Ag leanúint shamhail an Chúntóra Scrúduithe):

Cúnamh do scoileanna le linn Shamhail na nGrád Ríofa

Is mian le hOifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa sa Roinn Oideachais agus Scileanna na socrúithe seo a leanas a chur in iúl i leith soláthar scéime chun tacú le húdaráis scoile maidir leis an gcéim ionscoile de chóras na nGrád Ríofa a chur i gcrích. Tá sé de rogha ag údaráis scoile Cúntóir a fhostú chun cúnamh a thabhairt le riar na nGrád Ríofa i scoileanna.

#### An líon Laethanta is féidir a éileamh

Tá sé de rogha ag údaráis na scoileanna Cúntóir Scrúduithe a fhostú ar feadh tréimhse suas le **15 lá** chun cabhrú leis an bPríomhoide samhail an ngrád ríofa a sholáthar.

Maidir le hiar-bhunscoileanna aitheanta ina bhfuil 300 iarrthóir scrúdaithe nó níos mó, go gceadófar do na scoileanna sin aon lá amháin breise a éileamh in aghaidh gach líon 50 iarrthóir breise atá acu.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist sa réimse dualgas;

- Cúnamh a thabhairt don phríomhoide agus don phríomhoide tánaisteach le tascanna riaracháin a bhaineann leis an gcéim ionscoile de chóras na nGrád Ríofa
- Cúnamh a thabhairt le heagrú na gcruinnithe ailínithe ábhair
- Uainchlár rochtana agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta a eagrú do chruinnithe a bheidh á reáchtáil sa scoil agus do mhúinteoirí chun teacht ar obair thionscadail atá i dtaisce sa scoil
- Cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí chun rochtain a fháil ar bhunachar sonraí na scoile i gcomhair sonraí stairiúla, más gá
- A chinntiú go bhfuil na scoláirí Ardteistiméireachta go léir ar an eolas faoin tairseach Féinseirbhíse d'Iarrthóirí na hArdteistiméireachta agus gur féidir leo teacht uirthi ar líne
- Cúnamh a thabhairt leis an marc measta a eagrú do scoláirí a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar ábhar taobh amuigh den scoil, faoi réir threoirínte na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cúnamh a thabhairt chun marcanna measta a eagrú do scoláirí atá á dteagasc sa bhaile
- Cúnamh a thabhairt le freagairt ceisteanna ó mhúinteoirí

Tá rannpháirtíocht in ionchur sonraí, bailíochtú sonraí agus iad a chur a ais chuig OFGR leis an bhFeidhmchlár do Bhailiú Sonraí na nGrád Ríofa arna seachadadh trí Esinet, **ar cheann de phríomhchuspóirí an ról**. Ní mór socrú a dhéanamh ionas go mbeidh a rochtain féin ag an duine

atá ceaptha ar an bhfeidhmchláir do Bhailiú Sonraí na nGrád Ríofa. **Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcoinneofaí sonraí na scoile slán agus faoi rún.**

### **Éilimh ar Íocaíocht**

Is é an ráta íocaíochta do dhaoine a cheapfar mar Chúntóir Grád Ríofa ná **€143.32 in aghaidh an lae.**

**Ní mór** gach éileamh ar aisíocaíocht i leith na gcostas a bhaineann le fostú Cúntóirí Grád Ríofa a ceapadh go háitiúil **a dhéanamh ar an foirmeacha cuí.** Tá na foirmeacha um aisíocaíocht i leith Cúntóirí Grád Ríofa ceangailte. Ní mór na héilimh ar fad a choinneáil agus a sheoladh le chéile mar thaisce amháin chuig Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa, Foirgneshm Coimisiún na Scrúduithe Stát, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.

Ní mór don fhaighteoir sa scoil agus don phríomhoide gach éileamh ar aisíocaíocht a shíniú. Cuirfear iomlán na n-éileamh nach bhfuil comhlánaithe i gceart nó atá comhlánaithe go míchruinn agus/nó nach bhfuil sínithe ar ais chuig an scoil.

Ba cheart gach fiosrú maidir leis an gcioclán seo a chur faoi bhráid ar ríomhphost chuig [CalculatedGrades\\_Claims@education.gov.ie](mailto:CalculatedGrades_Claims@education.gov.ie)

Paddy Quinn

Príomhoifigeach Cúnta

Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**CÚNTÓIR GRÁID RÍOFA  
FOIRM CHÚITIMH SCOILE 2020**

**Ainm na Scoile:** \_\_\_\_\_ **Uimhir Rolla na Scoile:** \_\_\_\_\_

1. LÍON NA LAETHANTA A BHFUIL LUACH SAOTHAIR Á LORG INA LEITH:

2. DÁTAÍ A BHFUIL CÚITEAMH Á LORG INA LEITH:

---

---

---

3. AINM AN CÚNTÓRA GRÁID RÍOFA: \_\_\_\_\_

4. UIMHIR P.S.P AN CÚNTÓRA GRÁID RÍOFA: \_\_\_\_\_

5. AN MÉID A ÍOCADH LEIS AN gCÚNTÓRA GRÁID RÍOFA:

An méid lá \_\_\_\_\_ @ ráta laethúil de €143.32 = €

+ .5% ÁSPC = € \_\_\_\_\_

**Pá Iomlán = €**

**SÍNIÚ:** \_\_\_\_\_ **DÁTA:** \_\_\_\_\_  
**SÍNIÚ AN CHÚNTÓRA GRÁID RÍOFA (CHUN ÍOCAÍOCHT A ADMHÁIL)**

**Dearbhú**

Dearbhaím gur íocas leis an cuí ÍMAT, ÁSPC agus MSU leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Dearbhaím gur íocas ÁSPC an fhostóra de € \_\_\_\_\_ leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Éilím anois aisíoc iomlán de € \_\_\_\_\_ (a bhfuil ÁSPC an Fhostóra @ aicme J1 san áireamh ann).

**SÍNIÚ AN PHRÍOMHOIDE:** \_\_\_\_\_ **DÁTA:** \_\_\_\_\_

**DEÁN DEIMHIN DE LE DO THOIL GO nDÉANFAR GACH ROINN DEN FHOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ GO HIOMLÁN ROIMH A CUR ISTEACH LE hAGHAIDH ÍOCAÍOCHTA**